

# Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Bunscoile Sinsearacha

## Conas Cairt Aimsire a léamh



### Iseabair

Is ionann iseabair agus na línte a bhíonn ar chairt aimsire.


Ceanglaíonn iseabair pointí atá ar chomhleibhéal brú.

Nuair atá na línte gar dá chéile, tá an ghaoth láidir.

Nuair atá na línte i bhfad ó chéile, tá an ghaoth lag.

Séideann an ghaoth beagnach comhthreomhar leis n hiseabair.

Tá cairteacha a léiríonn iseabair úsáideach toisc go léiríonn siad gnéithe amhail **frithchioclón** agus **lagrach**, atá bainteach le saghsanna áirithe aimsire.



Cairt aimsire le hiseabair. 25 Feabhra 2010

### L = lár réimse lagbhrú/lagrach

Tagann drochaimsir dá bharr de ghnáth.

Tugann sé gaotha láidre leis, criosanna báistí agus sneachta sa gheimhreadh b'fhéidir.

Sa leathsféar thuaidh, séideann an ghaoth timpeall ar chóras lagbhrú go tuathalach.



### H = lár réimse ardbhrú/frithchioclón

Tagann dea-aimsir dá bharr de ghnáth.

Ní bhíonn scamall sa spéir dá bharr, chomh maith.

Sa gheimhreadh nuair a bhíonn an spéir glan agus an ghaoth lag, féadann sioc agus ceo teacht dá bharr.



Séideann gaoth timpeall ar chóras ardbhrú ar deiseal.

## Céard is fronta ann?

Is é is **fronta te** ann ná imeall aermhaise te

Ar chart aimsire, léirítear mar seo é:



Os comhair fronta te bíonn crios leathan báistí de ghnáth.

Taobh thiar de fhronta te éiríonn na teochtaí níos airde agus an bháisteach níos laige de réir a chéile.

Is é is **fronta fuar** ann ná imeall aermhaise fuair. Féadann sé bogadh ag dhá oiread luas fronta te

Ar chart aimsire, léirítear mar seo é:



Os comhair fronta fuar bíonn crios caol báistí.

Taobh thiar de fhronta fuar bíonn an aimsir níos gile ach an teocht níos ísle.

Nuair a bhíonn **oclúid** ann bíonn an aimsir cosúil le haimsir fronta te

Ar chart aimsire, léirítear mar seo é:



Cruthaítear de ghnáth é nuair a shroicheann fronta te fronta fuar.

## An féidir leat an chart aimsire seo a léamh?

